*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Naíscoil Naíscoil an Lóiste Úir
# Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2008

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil an Lóiste Úir |
| **Seoladh:** | Ollionad Iontaobhas 174<br>Ascaill Dhún Cairn<br>BÉAL FEIRSTE<br>BT14 6BP |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 6 Bealtaine 2008 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 6 Márta 2003 |

### 1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 15 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 15 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 15 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 9 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 4 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán* | 77% | - |

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 0 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 1 | 0 |

| **Líon:** ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 2¾ huaire an chloig | - | 199 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 15 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 33.3% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 1 |

**NAÍSCOIL AN LÓISTE ÚIR, BÉAL FEIRSTE, BT14 6BP (1AB-0428)**

1. Tá an t-ionad réamhscolaíochta lonnaithe i seomra ranga soghluaiste taobh istigh de thailte ollionad Iontaobhas 174. Cuireann sé curaclam luath-thumoideachais Ghaeilge ar fáil do pháistí agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán idirghníomhaíochta ann. Ní hionann an fhoireann uile anois agus a bhí nuair a rinneadh an chigireacht dheireanach; tá ceannaire nua seomra réamhscoile ann agus chuaigh saineolaí nua oideachais luath-óige i mbun dualgas i bhFeabhra 2008. Forbraíodh an spás amuigh faoin spéir le go mbeadh áit ann le plandaí a fhás.

2 Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deis do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin Naíscoil. Cuireadh roinnt bheag barúlacha san áireamh mar chuid den chigireacht agus pléadh ceisteanna ar bith a ardaíodh leis an fhoireann agus leis na bainisteoirí.

3. Tá roinnt láidreachtaí i gcaighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí. Tá roinnt polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an Naíscoil le haghaidh cosaint leanaí. Beidh roinnt breiseanna de dhíth lena chinntiú go mbeidh siad sin mionchruinn go leor, agus ina measc na modhanna chun cúiseanna imní a thuairisciú. Léirítear ón fhianaise sa chigireacht go mbeidh roinnt beart breise de dhíth lena chinntiú go mbeidh oiliúint na foirne go hiomlán cothrom le dáta le go mbeidh go leor sonraí ar fáil lena chruthú go mbeidh comhthuiscint acu ar na modhanna oibre agus ar na polasaithe scríofa.

4. Tá láidreachtaí i gclár na Naíscoile le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus táthar ag cur leis an ghealltanas go spreagfar na daltaí le bheith ag ithe go sláintiúil agus le bheith i mbun gníomhaíochtaí coirp. Tugtar bia sláintiúil do na páistí le linn am sosa agus bíonn deiseanna rialta acu ar shúgradh fuinniúil taobh amuigh.

5. **Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an Naíscoil.**

- Tá atmaisféar réidh cairdiúil san ionad agus é bunaithe ar an dea-chaidreamh idir an fhoireann agus na páistí. Bíonn na páistí dea-mhúinte agus is maith a fhreagraíonn siad do dhaoine fásta.

- Tá obair chrua déanta ag an fhoireann, le comhairle agus treoir ón saineolaí oideachais luath-óige, chun timpeallacht tharraingteach spreagthach foghlama a chruthú agus cuma bhreá a chur ar an seomra súgartha.

- Chonacthas deiseanna sásúla foghlama i ngach réimse den churaclam réamhscoile. I measc na láidreachtaí bhí na modhanna neamhfhoirmiúla a úsáideadh le neamhspleáchas agus scileanna sóisialta na bpáistí a chur chun cinn, chun teanga a fhorbairt agus chun bunsmaointeoireacht sa mhatamaitic a chothú trí shúgradh, agus an grúpsheisiún sultmhar scéalaíochta agus rannaíochta.

- Léirigh formhór na bpáistí gur maith a bhí siad agus iad ag comharshúgradh go dian i rith an tseisiúin.

- Léiríonn na páistí go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge ón dóigh a mbíonn siad ag freagairt don fhoireann..

- Chonacthas a lán ócáidí nuair a sholáthair an fhoireann deiseanna labhartha agus foghlama do na páistí agus iad i mbun idirghníomhaíochta go héifeachtach leo le linn súgartha.

6. **Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.**

- Caithfidh an fhoireann leanúint de bheith ag obair go dlúth leis an saineolaí oideachais luath-óige chun modhanna pleanála, luachála agus measúnachta a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh dul chun cinn mar is cuí sa chlár agus go n-aimseofar riachtanais aonair na bpáistí agus go ndéanfar freastal orthu.

- Caithfidh an fhoireann a gcuid scileanna féin a fhorbairt san obair a ghabhann le páistí a aimsiú a bhfuil riachtanais bhreise acu agus cúnamh a thabhairt dóibh.

- Caithfear ceannaireacht agus bainisteoireacht na Naíscoile a fhorbairt ag gach leibhéal le go mbeidh feabhsú buan leanúnach ann.

7. Is beag obair forbartha atá déanta le feabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair oideachais ó bhí an chigireacht dheireanach ann. Cuireadh isteach ar fhorbairt sholáthar oideachais na Naíscoile sa mhéid nach raibh cúnamh le fáil ón saineolaí oideachais luath-óige céanna i rith an ama. Tá an saineolaí oideachais luath-óige a ceapadh le déanaí ag tabhairt comhairle agus treoir mhaith. Caithfidh an saineolaí oideachais luath-óige, an ceannaire agus na bainisteoirí uile bheith ag obair i gcomhar lena chéile le plean forbartha a ullmhú chomh maith le pleananna gníomhaíochta a bhaineann leis agus critéir a chuirfidh le rath na hoibre chun go ndéanfar na feabhsúcháin is gá.

8. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear sa Naíscoil. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt nithe a aimsiú a bheas le feabhsú i réimsí tábhachtacha agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na Naíscoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

**FOSCRÍBHINN**

## GNÓTHAÍ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

- Caithfidh an fhoireann measúnú a dhéanamh ar aon phriacal a bhainfeadh le háit an ghairdín atá tadhlach leis an Naíscoil sula ligfear na páistí isteach ann.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk